An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Tairseach
Acmhainní agus Tacaí do Mhúinteoirí
Pobail Chleachtais a Chruthú agus a Chothú

# TRÍÚ POBLACHT NA FRAINCE

1920 - 1940

# I NDIAIDH AN CHÉAD CHOGAIDH DHOMHANDA


- Bunaíodh Tríú Poblacht na Fraince sa bhliain 1871 nuair a chaill an Fhrainc an Cogadh Franc-Prúiseach agus mhair sé go dtí ionsaí na Naitsithe in 1940.
- Bhí an t-uachtarán ina cheann stáit.
- Bhí 2 theach ann, an Teach Uachtarach (An Seanad) agus an Teach Íochtarach (Teach na dTeachtaí).
- Bhí cead ag gach fear vótáil – ní bhfuair mná an ceart vótála go dtí 1945.
- Bhí cumhacht ag an uachtarán chun an príomh-aire a cheapadh agus ansin phioc an príomh-aire baill den Teach Íochtarach chun a bheith mar airí i gcomhairle na nAirí.

# TIONCHAR AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA AR AN bhFRAINC

- Le linn an Chéad Chogadh Domhanda fuair 1.4 milliúin saighdiúir bás agus bhí 4.2 milliún gortaithe.
- Bhí beagnach glúin iomlán d’fhir maraithe; Chomh maith le sin, bhí an ráta breithe ag dul síos – bhí easpa oibrithe ag an bhFrainc mar thoradh.
- Freisin, níor tháinig aon fíor feabhas ar eacnamaíocht na Fraince idir 1919 – 39, cé gur bhuaigh an Fhrainc an Chéad Chogadh Domhanda níor fhéach sé mar sin.
- Bhí croílár tionsclaíochta na Fraince, oir-tuaisceart na tíre scriosta de bharr cogadh a mhair 4 bhliain - bhí bonneagar riachtanach (bóithre, iarnróid, droichead) go léir scriosta.
- Bhí suas go 1,200km2 lán le sliogán nach raibh tar éis pléascadh & bhí orthu an talamh a fágáil folamh.
- D’íoc an Fhrainc as an gcogadh le iasachtaí & chuir sé sin a lán brú ar na rialtais nuair a raibh orthu é a íoc ar ais.

# POLAITÍOCHT IDIR CHOGAIDH 1919 – 39.

- De bharr an damáiste a raibh déanta ag an nGearmáin, bhí an Fhrainc ag iarradh go mbeadh Ghearmáin lag an thoradh. Thóg siad an Saar (áit lán le gual)
- Bhí ar an nGearmáin £6,600 billiúin a íoc ar ais
- Bhí a lán míshocrachta sa Fhrainc idir 1870 – 1914 ach bhí siad curtha i leataobh le linn an Chéad Chogadh Domhanda.
- Sheas polaiteoirí na Fraince le cheile i gcoinne an Ghearmáin agus an Ostair – Ungáir.




# POLAITÍOCHT IDIR CHOGAIDH 1919 – 1939.

- Ach chomh luath is a raibh an Chéad Chogadh Domhanda thart d'fhás an míshocrachta arís.
- Le linn na mblianta idir na cogaí 1919 – 39, ba chomhrialtais éagsúla a bhí ag rialú Thríú Poblacht na Fraince.
- Idir 1918 & titim an Tríú Poblacht i mBealtaine 1940 bhí **44** rialtais difriúla agus **20** príomh – aire.
- Bhí an chuid is mó de na rialtais seo déanta ón meascán de pháirtí de na éití antoisceach den chlé & dheis.

# AN BLOC NÁISIÚNTA 1919 – 1924

- Bhí George Clemenceau go mór chun tosaigh i rith an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus bhí sé i gceannas nuair a chaill an Ghearmáin an Chéad Chogadh Domhanda .
- Fuair sé na leasainmneacha *Le Tigre* agus *Le Pére La Victoire.*
- Bhí Clemenceau ag súil go mbeadh bua ollmhór aige le linn an olltoghcháin i Samhain 1918. Bhí seisean sa Bhloc Náisiúnta ina raibh páirtithe lárnacha agus cinn na héite deise.
- Nuair a fógraíodh na torthaí fuair an Bloc Náisiúnta 412 as 616 suíochán.
- Bhí 3 phríomhaidhm ag an mBloc Náisiúnta
  - Deireadh a chur le cumannachas sa Fhrainc
  - Onóir na Fraince a athchruthú
  - An Ghearmáin a choimeád lag



# AN BLOC NÁISIÚNTA 1919 – 1924

- Ach bhí go leor dúshlán ann dóibh freisin:
  - An tasc ollmhór d'atógáil na Fraince agus smacht a chur ar bhoilsciú. Bhí earraí ceithre huaire chomh costasach in 1919 agus a bhí siad in 1914.
  - Bhí fadhb ollmhór ann a bhain le comhardú na n-íocaíochtaí. Bhí easnamh trádála 23 billiún franc ann i 1920
  - Na páirtithe go léir sa Bhloc Náisiúnta ní raibh siad sásta vótáil le chéile ar gach rud.
  - Dhiúltaigh Clemenceau cánacha a ardú agus bhain sé úsáid as iasachtaí eachtracha chun íoc as rudaí.
  - Bhí siad ag súil go mbeadh siad in ann an atógáil a dhéanamh nuair a chuirfeadh an Ghearmáin tús lena híocaíochtaí.


# AN BLOC NÁISIÚNTA 1919 – 1924




- In 1920, d'éirigh Clemenceau as mar phríomh-aire agus sheas sé d'oifig an Uachtaráin, ach bhuail Paul Deschanel é.
- Cé go raibh a lán measa ag seanadóirí i gcomhar éachtaí Clemenceau le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda cheap siad go mbeadh sé róláidir mar uachtarán.
- Bhí siad an-buartha go mbeadh sé ag cur isteach go rialta ar obair an rialtais agus go laghdódh sé cumhacht an tí Íochtaraigh.
- Agus, ós rud é go raibh sé i gcoinne creidimh ní raibh go leor den éite dheis sásta leis.

# AN BLOC NÁISIÚNTA 1919 – 1924

- Bhí ar Deschanel éirí as tar éis 7 mí agus tugadh an post d'Alexandre Millerand.
- Bhí tréimhse mhíshocair ann nuair a d'éirigh Clemenceau as a phost.
- Bhí 3 phríomh-aire laistigh de 2 bhliain tar éis Deschanel:
  - Alexandre Millerand – Eanáir 1920 – Mean Fómhair 1920
  - Georges Leygues - Mean Fómhair 1920 – Eanáir 1921.
  - Aristride Brind - Eanáir 1921 – Eanáir 1922.



# AN BLOC NÁISIÚNTA 1919 – 1924

- D'éirigh cúrsaí níos socra arís nuair a toghadh Raymond Poincaré, dlíodóir frith-shóisialach in Eanáir 1922.
- D'fhéach Poincaré air féin mar chostantóir na meanaicme – bhí sé ag iarraidh fir gnó bheaga agus siopadóirí a chosaint mar bhí siad buartha faoi bhoilsciú.
- Ach chaill sé a lán tacaíochta in 1923 nuair a bhí air cánacha a thabhairt isteach.



# AN BLOC NÁISIÚNTA 1919 – 1924


- In 1921, chuir an Ghearmáin tús lena híocaíochtaí, ach faoi dheireadh 1922 bhí sé soiléir nach mbeadh siad in ann leanúint leo.
- Ach bhí Rialtas na Fraince ag brath go láidir ar an airgead seo.
- In Eanáir 1923, d'ordaigh Poincaré saighdiúirí chun smacht a chur ar an ngualcheantair sa Ruhr.
- Cé gur theip ar eacnamaíocht na Gearmáine de bharr an hipearbhoilscithe, lean an Fhrainc agus an Bheilg ag baint acmhainní ón Ruhr go dtí 1925.
- Chabhraigh Plean Dawes (plean don Ghearmáin) go mór chun réiteach a fháil, ach bhí an Fhrainc tar éis 900 milliún marc a fháil.
- Cé go raibh an eachtra rathúil sa Ruhr, d'éirigh cúrsaí eacnamaíochta níos measa.
- Lean boilsciú ag ardú agus bhí oibrithe ag lorg méadú pá.
- Bhris stailceanna amach timpeall na tíre agus d'éirigh Poincaré as i Meitheamh 1924 nuair a dhiúltaigh an Seanad a phleananna maidir le cáin.

# CARTEL DES GAUCHES 1924 - 1926

- Tháinig an éite chlé chun cumhachta, *le cartel des gauches*; bhuaigh siad 328 suíochán i gcomparáid le 226 suíochán a bhuaigh an Bloc National.
- Comhaontas ba ea an cartel des gauches idir na páirtithe radacacha sa lár agus na páirtithe sóisialacha ar an éite chlé.
- Thug an mheánaicme, úinéirí siopaí agus feirmeoirí tacaíocht do na radacaigh.
- Bhí siad i gcoinne smacht rialtais ar thionscal.
- Thug oibrithe tionsclaíochta agus na tuathánaigh tacaíocht don páirtí sóisialach agus ba mhian leo go ndéanfadh an Rialtas idirghabháil san eacnamaíocht.

# CARTEL DES GAUCHES 1924 - 1926

- Ach fiú leis na difríochtaí seo, bhí an Príomh-Aire, Édouard Herriot, duine de na radacaigh, in ann an rialtas a choimeád ag rith le haghaidh 2 bhliain.
- Bhuail géarchéim eacnamaíochta an Fhrainc chomh luath is a tháinig an cartel chun cumhachta.
- Ba í an mhíbhainistíocht a rinneadh ar gheilleagar na tíre leis na blianta ba chúis leis seo.
- Ó 1921, bhí an rialtas ag caitheamh idir 7 agus 12 bhilliún franc níos mó ná a bhí ag teacht isteach gach bliain.
- Dhiúltaigh Herriot agus na radacaigh cáin a ardú agus rinne sé iarracht dul i ngleic leis an bhfadhbh trí níos mó airgid a fháil ar iasacht.
- Rinne sé seo cúrsaí níos measa agus thit luach an fhranc.



# CARTEL DES GAUCHES 1924 - 1926

- Ní raibh páirtithe an chomhaontais in ann aontú ar réiteach. Bhí na sóisialaigh ag iarraidh go mbeadh cáin ar chaipiteal (talamh agus sealúchas) – na daoine saibhre.
- Gheall Herriot go ndéanfadh sé seo agus rinne sé iarracht cáin10% ar chaipiteal a thabhairt isteach.
- Dhiúltaigh na coimeádaigh é seo ina iomlán agus bhí ar Herriot éirí as an bpost nuair a theip ar a phlean sa Seanad.

| | | |
|---|---|---|
| Nollag 1920 | 90 Franc | £1 Steirling |
| Nollag 1925 | 130 Franc | £1 Steirling |
| Iúil 1926 | 240 Franc | £1 Steirling |

# RIALTAS AN AONTAIS NÁISIÚNTA 1926 - 1932

- In Iúil 1926 tháinig Raymond Poincaré ar ais chun cumhachta. Bhí sé i gceannas ar rialtas an aontais Náisiúnta.
- Bhí 5 iar-phríomh-airí agus na páirtí ar fad (seachas na sóisialaigh) mar chuid den rialtas seo.
- Thóg Poincaré na poist mar Phríomh-aire agus mar Aire Airgeadais.
- De bharr na staide eacnamaíochta, bhí cead ag Poincaré rialú le foraithne (gan aontú an pharlaimint) agus thug sé isteach beartais éigeandála chun dul i ngleic le na fadhbanna eacnamaíochta.
- Mhéadaigh sé cánacha láithreach.



# RIALTAS AN AONTAIS NÁISIÚNTA 1926 - 1932

- Fuair sé airgead eachtrach chun luach an Fhranc a chur ar bhonn seasmhach – rinne sé é seo tríd an luach a ghearradh go 1/5 den luach a bhí air roimh an gcogadh.
- Mar thoradh ar an gníomh seo, bhí earraí Francacha i bhfad níos iomaíche thar lear - cé gur cheap daonra na Fraince go raibh na gníomhartha seo an-chrua orthu, thuig siad go raibh orthu glacadh leo mar go raibh siad ag teastáil.
- Agus, chaith an rialtas seo 80 billiúin Franc ar atógáil oir-tuaisceart na Fraince, ach tháinig an chuid is mó den airgead seo as an gcúiteamh a d'íoc an Ghearmáin.

# RIALTAS AN AONTAIS NÁISIÚNTA 1926 - 1932

- Scéal rathúil eile ná an tionscal gluaisteáin a raibh méadú mór air le linn na tréimhse seo.
- Faoi 1929, ba í an Fhrainc an dara déantóir is mó de ghluaisteáin ar an domhan.
- Bhí leasaithe sóisialta ag teastáil faoi dheireadh na 1920idí freisin. Tar éis blianta faillí tugadh scéim náisiúnta árachais le haghaidh pinsean agus sochair thinnis isteach in 1928.
- D’éirigh Poincaré as oifig in Iúil 1929 de bharr a shláinte, ach na bearta a thug sé isteach chabhraigh siad leis an bhFrainc sa Spealadh Mór.

# AN FHRAINC TAR ÉIS POINCARÉ AGUS AN SPEALADH MÓR

- Tháinig Aristide Briand chun cumhachta in Iúil 1929. Mhair sé go dtí Samhain 1929 nuair a tháinig Tardieu chun cumhachta ansin.
- Bhí sé i gceannas ar an bhFrainc don chuid is mó den Spealadh Mór agus thug sé isteach clár de leas sóisialta agus d'oibreacha poiblí, oideachas dara leibhéal saor san áireamh.
- In 1932, bhí titim 25% ar aschur tionsclaíochta, bhí dífhostaíocht ag 15% agus bhí tacaíocht ag fás do pháirtí na héite clé arís.
- Bhuaigh Cartel des Gauches an olltoghchán in 1932 faoi Herriot ach theip orthu dul i ngleic leis na fadhbanna agus bhí 6 príomh-airí ann idir 1932-34.




# *FÁS LÉIGEANNA*

- De bharr cúrsaí eacnamaíochta, chreid a lán daoine nach raibh daonlathas ag obair sa Fhrainc agus thosaigh siad ag féachaint i dtreo gluaiseachtaí antoisceacha mar gur gheall siad go ndéanfadh siad rud éigin.
- Bhí méadú i dtacaíocht d'eagraíochtaí Faisisteacha agus leath-fhaisisteacha – "léigeanna" mar a tugadh orthu.


# ACTION FRANÇAIS

- Ba cheann de na ceannairí ba mhó tionchar é Charles Maurras.
- Ba mhian leis an mhonarcacht a athbhunú.
- Bhunaigh sé an ghluaiseacht antoisceach den éite dheis, Action Française in 1905 – Frith-chumannach agus Frith-Ghiúdach.
- Fuair sé tacaíocht ó na seanuaisle nár aontaigh leis an gcóras poblachtach.
- Fuair sé tacaíocht freisin ón meánaicme a chaill a lán ó 1929.



# Jeunesses Patriotes

- Bhunaigh an coimeádach, Pierre Taittinger, é in 1924.
- Bhí an Jeunesses Patriotes bunaithe ar na gluaiseachtaí faisisteacha san Iodáil.
- Tháinig an chuid is mó den tacaíocht ó ghluaisteachaí den éite dheis sna hollscoileanna.
- Faoi 1933 – 100,000 ball.



# Solidarité Française

- Solidarité Française – bhunaigh François Coty é in 1935.
- Milliúnaí ba ea é agus rinne sé a chuid airgid ó chumhrán agus ó chosmaidí.
- Bhain sé úsáid as a chuid saibhris chun tuairimí frith-dhaonlathach agus frith-Ghiúdach a chur chun cinn trína nuachtán L'Ami du Peuple
- An Fhrainc do na Francaigh
- Chaith na baill léinte gorma.


EDITION DE 5 HEURES

L'AMI DU PEUPLE DE PARIS

"VITE ET FORT" comme disait l'autre... Voici 22 jours que M. Prince a été assassiné !

Le numéro : 25 cent.

Organe Officiel de la Réforme de l'État et du Corporatisme Intégral par la SOLIDARITÉ FRANÇAISE

Fondateur : FRANÇOIS COTY

LES MEILLEURES CIGARETTES DU MONDE ABDULLA SALISBURY IMPÉRIAL 7 FRANCS

Les avocats parlementaires et leur rôle inadmissible dans la vie du pays

LE SCANDALE STAVISKY

Interrogé par M. Ordonneau Romagnino met en cause plusieurs personnalités politiques

MM. Dalimier et Julien Durand ont été entendus

UNE LETTRE DE M. CHIAPPE à M. Bonnevay, président de la Commission d'enquête du "6 février"

"Je n'ai pas, moi, intérêt à mentir. Je n'ai pas de sang sur les mains."

En plein jour un avocat membre influent du parti socialiste italien est assassiné rue Manin

LE PAYS CONTRE LE CARTEL

La leçon à tirer des élections partielles

NOUS PUBLIONS EN CINQUIÈME PAGE

du RÊVE RÉALISÉ

Chez la gagnante du premier prix

LES SIX-JOURS DE PARIS COMMENCENT AUJOURD'HUI

AUTOUR DE LA POLITIQUE

LE DILEMME

Les propos de Jacques Bonhomme

LA CONTRE-AUTOPSIE DE M. PRINCE

La vérité en marche



# CROIX DE FEU – LÉIG FHAISISTEACH

- Ba cheann de na léigeanna is mó é an *Croix de Feu*.
- Ba é an t-iarleifteanant, Choirnéal de la Rocque, a bhí i gceannas ar an léig. Iar-shaighdiúirí ba ea formhór na mball.
- Cé go raibh an léig frith-chumannach ní raibh sí frith-Sheimíteach.
- 700,000 ball faoi 1937
- Bhí tallann ag de la Rocque le haghaidh caint phoiblí agus fuair sé a lán tacaíochta ó bhaincéirí saibhre, agus faoi 1933, bhí an Croix de Feu ina gluaiseacht an-mhór.
- Chomh maith le gníomhachtaí na léigeanna, spreag preas Pháras tuairimí na héite deise.





# CÁS STAVISKY

- In 1927 gabhadh Giúdach Rúiseach Alexandre Stavisky i gcomhair calaoise.
- Saoradh é go gairid ina dhiaidh sin agus é ag fanacht don triail.
- Cuireadh triail Stavisky siar 19 uair de bharr go ndearna polaiteoirí idirghabháil ar a shon.
- In 1933 d'éalaigh sé ó na húdaráis nuair a bhí an scéal le teacht amach.
- Bhí sé ag díol bannaí gan luach.
- Fuarthas marbh é tamall beag ina dhiaidh seo. Dúradh gur chuir sé lámh ina bás féin.
- Ach thosaigh ráflaí ag dul timpeall gur mharaigh na póilíní é ionas nach dtiocfaidh an nasc idir Stavisky agus polaiteoirí na Fraince amach.



# CÁS STAVISKY



- Thosaigh nuachtán ag déanamh scrúdú ar sheansaol Stavisky agus tháinig go leor scéalta amach.
- Bhí cáil an-fhada ar Stavisky gur imir sé calaois ar dhaoine agus gur chuir sé an dallamullóg orthu.
- Dhiúltaigh Príomh-Aire na Fraince, Camille Chautemps, fiosrúchán a chur ar bun.
- In Eanáir 1934, fuair Édouard Daladier (Cartel des Gauches) an phost mar phríomh-aire.
- Ghlac sé leis go raibh gá le fiosrúchán a chur ar bun maidir le Stavisky.
- Agus, chuir sé roinnt oifigeach den éite dheis as a bpoist.

# GÉARCHÉIM 6Ú FEABHRA 1934

- De bharr chás Stavisky agus ghníomhachtaí Daladier, thosaigh na léigeanna den éite dheis ag éileamh go mbeadh léirsiú náisiúnta ann i gcoinne an rialtais.
- Ar an lá ceanna nuair a bhuail rialtas nua Daladier le chéile, an 6ú Feabhra, eagraíodh léirsiú ag Place de la Concorde – trasna ón áit ar chruinnigh an rialtas.





# GÉARCHÉIM 6Ú FEABHRA 1934

- Bhí na mílte ball de na léigeanna den éite dheis ann – spreag preas na héite deise agus roinnt ionadaithe na héite deise dóibh chun an léirsiú seo a dhéanamh.
- Ba mhian leo go n-éireodh an rialtas as.
- Fad is a lean an oíche ar aghaidh, bhris círéib amach.
- Mharaigh na póilíní 15 dhuine agus mar thoradh air seo bhí ar rialtas Daladier éirí as – bhí deireadh le Cartels des Gauches.

# AN FRONTA POBAIL


- Bhí tionchar ollmhór ag eachtraí an 6ú Feabhra ar pholaitíocht na Fraince.
- Chreid a lán polaiteoirí gur eagraigh an eite dheis an léirsiú chun cumhacht a thógáil.
- Mar thoradh ar an bhforéigean, thosaigh léigeanna frith-faisisteacha á mbunú timpeall na Fraince.
- Mhol an Páirtí Cumannach sa Rúis do Pháirtí Cumannach na Fraince chun obair leis an bpáirtí sóisialach agus le páirtithe eile den éite chlé chun stop a chur le fás na ngrúpaí faisisteacha.

# AN FRONTA POBAIL

- Is trí Comintern a rinneadh é seo.
- Suas go dtí an pointe sin, dúirt Stalin leis na páirtithe cumannacha gan a bheith ag obair le haon pháirtithe eile.
- D'fhás an Fronta Pobail as an gcomhoibriú seo; bhí an Páirtí Cumannach, an Páirtí Sóisialach agus na Radacaigh sa Fhronta.

# AN FRONTA POBAIL

- Thaispeáin an Fronta Pobail iad féin mar eagraíocht aontaithe agus eagraithe agus fuair siad tacaíocht ó dhaoine a bhí buartha faoi fhás grúpaí na héite deise.
- Bhain siad úsáid as manaí ar nós "Arán, Síocháin, Saoirse" agus gheall siad go gcuirfeadh siad feabhsaithe i bhfeidhm don lucht oibre.
- Bhuaigh siad an t-olltoghchán in Eanáir 1936 agus ceapadh Léon Blum, ceannaire an pháirtí shóisialach, mar phríomh-aire.
- Ba é Blum an chéad Ghiúdach a bhí ina phríomh-aire ar an bhFrainc, ach do mhuintir na héite deise, léirigh seo go raibh smacht ag na Giúdaigh ar pholaitíocht agus eacnamaíocht na Fraince.



# AN FRONTA POBAIL

- Nuair a bhuaigh an Fronta Pobail bhí dóchas ag an lucht oibre agus chreid siad go mbeadh coinníollacha oibre i bhfad níos fearr acu anois de bharr an bhua.
- Ach i mBealtaine tharla stailceanna timpeall na Fraince bhí fearg ar 2 mhilliún oibrí de bharr nach raibh aon athruithe tar éis tarlú agus dúirt siad go ndeachaigh an Rialtas dul siar ar na rudaí a gheall siad le linn an olltoghcháin.
- Bhí ar Blum rud éigin a dhéanamh agus smaoinigh siad ar Chomhaontú Matignon

# AN FRONTA POBAIL

- Comhaontú Matignon (aontú idir oibrithe agus na ceardchumainn).
  - Tugadh cead dlíthiúil d'oibrithe dul ar stailc agus a bheith mar bhaill de cheardchumainn.
  - Tugadh isteach seachtain oibre 40 uair an chloig.
  - Méadú 12% ar phá
  - Tugadh saoire íoctha d'oibrithe.
- Chomh maith leis sin, d'ardaigh Blum an pinsean.
- Agus, gheall sé go ndéanfadh sé náisiúnú ar an tionscal arm chun fadhb na dífhostaíochta a réiteach.
- D'ardaigh sé an aois dhlíthiúil chun an scoil a fágáil go 14.
- Chabhraigh na rudaí seo le saol na n-oibrithe, ach laghdaigh sé an infheistíocht a rinne tionsclaithe.

# BLUM AG ÉIRÍ AS

- I Feabhra 1936 rinneadh ionsaí ar Blum nuair a bhí sé ar a shlí abhaile ón gcomhthionól náisiúnta.
- Rinne baill d'Action Français an t-ionsaí agus ar an lá ceanna, chuir an rialtas cosc ar Action Français agus ar na eagraíochtaí a raibh baint aige leo.
- Nuair a bhris cogadh cathrach na Spáinne amach in Iúil 1936, tháinig scoilt sa Fhronta Pobail.
- Bhí an PCF (cumannaigh) ag iarraidh go mbeadh an Fhrainc páirteach ar thaobh na poblachtach de ach dhiúltaigh Blum mar ní raibh sé ag iarraidh cur isteach ar an éite dheis a thuilleadh mar thuig sé go mbeadh siadsan ag iarraidh go mbeadh an bua ag Franco.
- Go luath in 1937, bhí eacnamaíocht na Fraince ag fulaingt arís de bharr boilsciú ard.
- Rinne Blum cúpla iarracht chun polasaithe eacnamaíochta a thabhairt isteach, ach theip ar na billí seo sa Seanad agus bhí air éirí as i Meitheamh 1937.

# AN RIALTAS DEIRIDH ROIMH AN DARA COGADH DOMHANDA

- Bhí tréimhse mhíshocair pholaitíochta ann idir Meitheamh 1937 agus Aibreán 1938, tháinig cúpla príomh-airí agus rialtais difriúla agus d’imigh siad arís, ach tháinig deireadh leis sin in Aibreán 1938 nuair a tháinig Daladier ar ais chun cumhachta.
- Faoi rialtas Daladier, thosaigh an Fhrainc clár d’atharmáil chun iad féin a chosaint ó Ghearmáin na Naitsithe.
- Chuaigh Daladier siar ar roinnt polasaithe a thug Blum isteach maidir le cearta oibrithe, m.sh., chuir sé deireadh le seachtain oibre 40 uair an chloig.



# AN RIALTAS DEIRIDH ROIMH AN DARA COGADH DOMHANDA.

- Rinne sé díluacháil ar an bhFranc agus chabhraigh sé seo le trádáil na Fraince.
- Chabhraigh na gníomhachtaí seo muinín a mhúscailt i measc tionsclaithe agus thosaigh eacnamaíocht na Fraince ag fás.
- Ach chuir polasaithe coimeádacha Daladier isteach ar an bpáirtí cumannach agus thit an Fronta Pobail as a chéile i bhFómhar 1938.
- Ach lean Daladier ar aghaidh mar phríomh-aire go dtí titim na Fraince i mBealtaine 1940.

# POLASAÍ EACHTRACH THRÍÚ POBLACHT NA FRAINCE

# POLASAÍ EACHTRACH NA FRAINCE

- Cé go raibh go leor athruithe i rialtas na Fraince idir 1920 – 1939, d'fhan an polasaí eachtrach mar an gceanna den chuid is mó.
- Ceann amháin de na príomhaidhmeanna a bhí ag gach rialtas ná an Ghearmáin a choimeád lag ionas nach mbeadh sí in ann ionsaí a dhéanamh ar an bhFrainc arís.
- Faoi Chonradh Versailles:
  - Fuair an Fhrainc Alsace agus Lorraine ar ais.
  - Laghdaíodh arm na Gearmáine go 100,000 saighdiúir; bhí sé seo mór go leor chun an Ghearmáin a chosaint ag ní bheadh sí in ann an Fhrainc a ionsaí.
  - Bhí Dúiche na Réine dímhíleataithe agus d'fhan trúpaí na gComhghuaillithe ann go dtí 1930.
  - Bhí ar an nGearmáin cúiteamh ard a íoc – choimeádfadh sé seo an Ghearmáin lag.

# COMHGHUAILLITHE NA FRAINCE

- Le linn na hidirbheartaíochta, bhí an Fhrainc ag iarraidh go ngeallfadh an Bhreatain agus SAM go ndéanfadh siad comhghuaillíocht léi.
- Ach dhiúltaigh Seanad Mheiriceá daingniú a dhéanamh ar an gconradh, mar sin, bhí ar an bhFrainc labhairt le tíortha in oirthear na hEorpa – an tSeicslóvaic, an Pholainn, an Rómáin agus an Iúgslaiv.
- Cé gur fhan an Bhreatain mar chomhghuaillí na Fraince, bhí sí tar éis 750,000 fir a chailliúint agus bhí na milliúin gortaithe.

# COMHGHUAILLITHE NA FRAINCE

- Ní raibh puinn suime ag Rialtas na Breataine a bheith páirteach i gcogadh Eorpach eile, agus mar sin, ní raibh sí sásta comhghuaillíocht mhíleata a shíniú leis an bhFrainc.
- Seachas é sin, bhí an Bhreatain ag díriú isteach ar a himpireacht agus ar a heacnamaíocht féin – mar sin, ní raibh siad chomh dian ar an nGearmáin agus chuir sé seo isteach go mór ar an bhFrainc.
- Ó 1894, bhí an Rúis mar chomghuaillí na Fraince ach ní raibh Rialtas na hEite deise sa Fhrainc sásta obair leis an rialtas cumannach le linn na 1920idí. Chomh maith leis sin, bhí Rialtas na Rúise amhrasach faoi chumhachtaí caipitlíocha.

# COMHGHUAILLITHE NA FRAINCE

- Nuair a theip ar an nGearmáin lena n-íocaíochtaí in 1922, bhí Poincaré ag iarraidh líonra láidir a thógáil.
- In Eanáir 1923, sheol sé 40,000 saighdiúir Francach isteach chuig an Ruhr chun amhábhar a thógáil.
- Fuair an Fhrainc tacaíocht ón mBeilg ach ní raibh an Bhreatain nó SAM sásta.
- Mar thoradh air sin, shocraigh siad ar Phlean Dawes don Ghearmáin in 1924, a d’ísligh íocaíochtaí Gearmánacha, ach a d’fhág trúpaí na Fraince sa Ruhr in 1925.


# COMHGHUAILLITHE NA FRAINCE



- In 1921, shínigh an Fhrainc agus Comhaontas Franc-Pholannach comhaontú mhíleata.
- Agus le linn na 1920idí shínigh an Fhrainc sraith comhaontuithe le tíortha in oirthear na hEorpa an -tSeicslóvaic, an Pholainn, an Rómáin agus an Iúgslaiv.
- Tugadh an Little Entente air seo. Bhi a lán comhghuaillithe ag an bhFrainc, ach bhí na tíortha beag agus lag agus ní bheadh siad in ann seasamh in aghaidh Ghearmáin na Naitsithe le linn na 1930idí.

# AN CAIDREAMH AG FEABHSÚ LEIS AN NGEARMÁIN

- Tar éis an Chéad Chogaidh Dhomhanda bhí an Ghearmáin scoite ó thíortha eile, ach faoi Gustav Stresemann, thosaigh an Ghearmáin ag teacht amach agus bhí caidreamh níos fearr uaithi le tíortha eile san Eoraip.
- In 1925, shínigh an Bhreatain, an Fhrainc agus an Ghearmáin Conradh Locarno – Seo sraith conarthaí ina ndúirt an Ghearmáin gur ghlac sí le teorainn na Fraince agus teorainn na Beilge.
- Dúirt an Bhreatain agus an Iodáil go dtabharfadh siad cosaint don Fhrainc má bhris an Ghearmáin conradh Locarno.



# AN CAIDREAMH AG FEABHSÚ LEIS AN NGEARMÁIN

- Mar thoradh ar Chonradh Locarno, bhí cead ag an nGearmáin a bheith ina ball de Léig na Náisiún agus thosaigh an caidreamh idir an Fhrainc agus an Ghearmáin ag éirí níos fearr.
- In 1928, tháinig Aire Gnóthaí Eachtrach na Fraince Aristide Briand agus rúnaí stáit Mheiriceá Frank Kellogg ar comhaontú idirnáisiúnta.
- Dúirt Comhaontú Kellogg-Briand faoi tíortha a shínigh é nach mbeadh siad sásta cogadh a úsáid mar uirlis chogaidh.
- Shínigh 65 tír an Comhaontú, an Ghearmáin san áireamh agus bhí cuma ar an scéal anois go mbeadh síocháin bhuan ann leis an nGearmáin.




# LÍNE MAGINOT

- Faoi Conradh Locarno, dúirt na comhghuaillthe go mbeadh siad sásta a n-arm a tharraingt amach as Dúiche na Réine in 1927 agus dúirt an Ghearmáin go mbeadh sí sásta é a choimeád dí-mhíleataithe.
- Ach cé go raibh an caidreamh ag feabhsú, bhí an Fhrainc fós amhrasach faoin nGearmáin.
- In 1929, mhol arm na Fraince go dtógfaí sraith de dhaingin ar fhronta thoir na Fraince ar an teorann leis an nGearmáin.
- In 1930, chuir rialtas na Fraince 3 billiún franc ar fáil don tógáil seo – Líne Maginot.
- Chreid arm na Fraince go stopfadh sé seo aon ionsaí Gearmánach ina dhiaidh sin.
- Chuirfeadh an líne de 500 daingean moill ar arm na Gearmáine agus thabharfadh sé seo am d'arm na Fraince ullmhú.
- Stopadh sé scriosadh thalamh na Fraince.
- Ach, tháinig deireadh le Líne Maginot ag na Ardennes – ag teorainn Franc-Lucsamburg.

# LÍNE MAGINOT

- Chreid ceannaire arm na Fraince go n-oibreodh an fhoraois mar dhaingniú nádúrtha.
- Chomh maith leis sin, bhí polaiteoirí na Fraince buartha go mbeadh cuma ar an scéal go raibh siad ag fágáil na Beilge ina haonar dá leanfaidís ar aghaidh leis an líne.
- Lean tógáil na líne chomh fada le 1940



# AG BOGADH I DTREO COGAIDH

- Nuair a tháinig Hitler chun cumhachta ar dtús ní raibh rialtas na Fraince buartha ar dtús.
- Ach thosaigh siad ag ceistiú bhunchúiseanna Hitler nuair a d'fhág an Ghearmáin Léig na Náisiún.
- Sna blianta ina dhiaidh sin, shínigh an Fhrainc roinnt comhaontuithe le tíortha eile chun srian a chur ar an nGearmáin.
- In Aibreán 1935, bunaíodh an Fronta Stresa leis an mBreatain agus an Iodáil. Rinne sé seo comhaontú Lorcarno níos láidre agus gheall sé neodracht na hOstaire.
- Ach theip air seo nuair a d'ionsaigh an Iodáil an Aibisin.
- Mar fhreagair d'atharmáil na Gearmáine, shínigh Rialtas na Fraince an Conradh Cúnamh Frithpháirteach Franc-Sóivéadach i mBealtaine 1935.
- Bhí aidhm ag an gconradh seo srian a chur ar iompar bagrach Naitsíoch, ach níor oibrigh sí de bharr nach raibh muinín ag aon taobh sa cheann eile.

# GÉILLEADH CHUN SÍTHE NA BREATAINE

- In 1936, d’ordaigh Hitler d’arm na Gearmáine Dúiche na Réine a athmhíleatú.
- Ach duradh leo géilleadh dá mbeadh aon fhrithbheartaíocht ó arm na Fraince.
- Bhí Rialtas na Fraince ag iarraidh go ndéanfaí rud éigin ach lorg siad cabhair ba Breataine ar dtús.
- Ní raibh an Bhreatain sásta a harm a sheoladh isteach chuig troid eile, mar sin, lean sí polasaí de ghéilleadh chun síthe.
- Bhí sí sásta ligean don Ghearmáin Conradh Versailles a bhriseadh agus Dúiche na Réine a athmíleatú.
- Ní raibh an Fhrainc sásta aon rud a dhéanamh ina haonar agus d’oibrigh plean Hitler.
- I Márta 1938, chuaigh arm na Gearmáine isteach chuig an Ostair ag aontú an 2 thír.
- Arís, bhí Hitler ag briseadh Chonradh Versailles, ach ní raibh an Bhreatain sásta aon rud a dhéanamh, mar sin, ní raibh an Fhrainc sásta aon rud a dhéanamh ach an oiread.

# IONSAÍ AR AN TSEICSLÓVAIC

- In 1938 bhí Hitler ag bagairt go raibh sé chun ionsaí a dhéanamh ar an Sudetenland, páirt den tSeicslóvaic ina raibh daoine Gearmánacha.
- Chun cogadh a sheachaint, shínigh an Bhreatain agus an Fhrainc an comhaontú München leis an nGearmáin i Mean Fómhair.
- Bhris sé seo an comhaontú idir an Fhrainc agus an tSeicslóvaic.



# IONSAÍ AR AN TSEICSLÓVAIC

- Dúirt Daladier go raibh sé sásta an Sudetenland a thabhairt don Ghearmáin dá ngeallfadh Hitler nach ndéanfadh sé ionsaí ar an gcuid eile den tSeicslóvaic.
- Bhris Hitler an comhaontú seo i Márta 1939 agus d’ionsaigh sé an chuid eile den tSeicslóvaic.
- Thuig Rialtas na Breataine agus Rialtas na Fraince gur theip ar an bpolasaí géilleadh chun síthe agus gheall siad go gcosnódh siad an Pholainn.
- Nuair a d’ionsaigh an Ghearmáin an Pholainn i Mean Fómhair 1939, d’fhógair an Bhreatain agus an Fhrainc cogadh ar an nGearmáin – níor ionsaigh siad í ach d’fhan siad taobh thiar de Líne Maginot.

# AISTÍ

Cén fáth a raibh míshocracht sa Fhrainc idir 1920 – 1940? (2009)

Déan rathúnas na Fraince idir 1920 agus 1940 a phlé. (2014)